



An Fiosraitheoir

TASC 1:

Rinne Barra dearmad lóis ghréine a chur air féin. Cén fáth a raibh sin amaideach, dar leat?

TASC 2:

Rinne Barra agus Orla caisleán gainimh ar an trá. Ainmnigh 5 rud eile a fheiceann tú cois farraige.



TAISCE TUISCEANA



An Trá

An Trá


Lá breá samhraidh a bhí ann. Chuaigh Mamaí, Barra agus Orla chuig an trá. Bhí na páistí ag tnúth go mór leis. Is breá leo an trá. Bhí an áit dubh le daoine.

Chuir siad **éadaí snámha** orthu féin ar dtús. Ansin, rith siad síos chuig an uisce agus léim siad isteach ann. Chaith siad an mhaidin ar fad ag snámh agus ag súgradh san fharraige.

Nuair a tháinig siad amach as an uisce, thóg Barra buicéad agus spád agus rinne sé **caisleán gainimh**. Chabhraigh Orla leis. Tar éis sin, chuaigh siad ag cuardach **sliogán** don chaisleán. Bhí cuma iontach air nuair a bhí sé réidh acu.

Bhí picnic ag na páistí tráthnóna. D'ith siad ceapairí agus torthaí. Tamall tar éis sin, thosaigh an taoide ag líonadh. Bhí daoine ag imeacht anois. Dúirt Mamaí go raibh orthu dul abhaile. Bhí brón ar na páistí ansin.

Thit Orla ina codladh gan mhoill ar an mbealach abhaile, ach thosaigh Barra ag caoineadh. Bhí sé griandóite. Rinne sé dearmad **lóis ghréine** a chur air féin tar éis am lóin. Nach é a bhí amaideach?



Ceisteanna

- 1. Conas a bhí an aimsir an lá seo?**
 - (a) Fliuch
 - (b) Fuar
 - (c) Go breá
- 2. Conas a mhothaigh Barra agus Orla?**
 - (a) Bhí siad feargach
 - (b) Bhí sceitimíní orthu
 - (c) Bhí siad brónach
- 3. Cad a chiallaíonn an frása 'bhí an áit dubh le daoine'?**
 - (a) Bhí an gineamh go léir dubh
 - (b) Bhí go leor daoine ann
 - (c) Bhí na daoine go léir salach
- 4. Conas a chaith siad an mhaidin?**
 - (a) Ag iascaireacht
 - (b) San fharraige
 - (c) Ag cuardach sliogán
- 5. Cén chuma a bhí ar an gcaisleán gainimh?**
 - (a) Amaideach
 - (b) Iontach
 - (c) Gránna
- 6. Cén fáth a raibh sé in am acu dul abhaile, dar leat?**
 - (a) Bhí deifir ar Mhamaí
 - (b) Bhí an taoide ag líonadh
 - (c) D'éirigh sé fuar

